



Aistriúchán

Achoimre Fheidhmeannac

24 May 2003

Le tríocha bliain anuas bhí (agus tá go fóill) lámh ag Rialtas na Breataine -- tré MI5, tré Chraobh Speisialta an RUC/PSNI agus tré Rannóg Fhaisnéise Arm na Breataine -- sa dúnmharú in Éirinn. Agus iad ag obair le chéile, dhírigh siad agus stiúraigh siad imeachtaí na marfóirí sna dreamanna paramíleateacha aontachtacha éagsúla. Ní hamháin gur thug siad eolas faoi dhaoine do na dreamanna sin. Séard a bhí i gceist acu ná plean beartaithe chun na céadta saoránach a aimsiú agus a fheallmharú.

MI5 a bhí i gceannas ar an obair agus tá go fóill. Bíonn imeachtaí Rannóg Fhaisnéise an Airm agus imeachtaí Chraobh Speisialta an PSNI á meas agus á dtomhas acu. Caithfidh MI5 cuntas faoi na himeachtaí sin a thabhairt do Whitehall agus do Shráid an Dónáin. Sa tréimhse atá faoi chaibidil ag an cháipéis seo, thug MI5 cuntas díreach do Margaret Thatcher, do John Major agus do Tony Blair agus iad mar PhríomhAíri na Breataine.

Níor foilsíodh tuairisc Fhiosrúchán Stevens. Tugadh an tuairisc don PSNI Aibreán 17ú, 2003. Ba é sin an tríú tuairisc laistigh de cheithre bliana déag. In áit é sin a dhéanamh, eisíodh cáipéis 19 leathanach dár teideal, "Stevens Enquiry : Overview and Recommendations". Léiríodh na pointí seo a leanas san achoimre sin :

An Claonphárteachas

Nár coinníodh cuntais, d'aonghnó

Easpa freagrachta

Faisnéis agus fianaise a cheilt

Lámh ag 'gníomhairí' sa dhúnmharú

Léirigh John Stevens fosta, patrún na gconstaicí a cuireadh ina bhealach. Tréith cultúrtha a bhí ann, dar leis, rud a bhí go forleathan i rannóga éagsúla d'Arm na Breataine agus den RUC. Dúirt sé gur cuireadh falla tosta os a chomhair, go ndearnadh milleadh ar fhianaise bhunúsach, gur scaoileadh eolas do pharamíleataí sinsearacha aontachtacha agus don ghníomhaire Breatanach Nelson díreach roimhré agus é ar intinn iad a ghabháil. Dúirt Stevens gur cuireadh a oifig oibre tré thine agus gur insíodh bréaga dó faoi cháipéisí éagsúla. Dúirt sé sa tuairisc fosta, gur theip ar an RUC go rialta fiosrúcháin chearta a dhéanamh agus, ina theannta sin, gur chuir siad cosc le fiosrúcháin chearta.

Aistríodh Craobh Speisialta an RUC go Craobh Speisialta an PSNI. Ina measc siúd, bhí daoine a rabh líomaintí troma curtha ina leith claonphárteachas a bheith ar siúl acu le paramíleataí aontachtacha. Ba é an claonphárteachas sin ba chúis leis na heachtraí a ndearna Stevens tagairt dóibh. Leantar ar aghaidh go fóill leis an ghluaiseacht sin chun an fhírinne a cheilt.

D'aontaigh Rialtais na Breataine, ceann ar cheann, leis an dúnmharú. Bhí gníomhairí fostaithe acu. Tugadh ceadúnais do na gníomhairí sin daoine a dhúnmharú gan eagla ná imní ar bith a bheith orthu dá bharr.

Chuidigh gníomhairí na Breataine le paramíleataí aontachtacha a armáil leis na céadta arm agus gránáid ón Aifric Theas.

Níor cúisíodh oiread is duine ó Aonad Taighde Ceilte (an FRU) d'Arm na Breataine nó ó Chraobh Speisialta an RUC le coir ar bith a bhain le hionsaithe ar cheithre scór (80) duine -- ionsaithe a rabh ceangail acu le comhaid an ghníomhaire Bhreatnaigh, Brian Nelson -- 29 duine a maraíodh, san áireamh.

Ní dhearnadh aon athleasú go fóill ar ghníomhaireachtaí faisnéise. Níor scrúdaíodh iad ó thaobh freagrachta tré dhíospóireacht phoiblí, ar an dóigh chéanna is a rinneadh le ceist na póilíníochta. Ina áit sin, fágadh M15 agus Rannóg Fhaisnéise Arm na Breataine -- an FRU ach go háirithe -- saor ó athrú ar bith.

Tá daonra Rannóg Fhaisnéise Arm na Breataine in situ go fóill sna gnóthaí seo agus a gcuid gníomhaíochtaí ceadaithe ag Rialtas na Breataine. Bronnadh thart ar 70 onórocha agus céimíochtaí ar an Aonad FRU -- an tAonad céanna a rabh fíorcheangail aige leis na dílseoirí agus a bhí fite fuaite sa chlaonpháirteachas chun saoránaigh Éireannacha a mharú.

Tugadh le fios don phobal go ndearnadh an FRU a scor ach níor tharla ach gur athraíodh a theideal. Is é teideal úr an Aonaid ná an Grúpa Comhsheirbhíseach nó The Joint Services Group (JSG). Tá na polasaithe a cleachtaíodh -- trína maraíodh Pat Finucane agus 28 duine eile -- ann go dtí an lá inniu. Maraíodh iad de thairbhe an eolais a bhí i gcomhaid an ghníomhaire FRU, Brian Nelson.

Tá gníomhairí Arm na Breataine agus ag gníomhaireachtaí Faisnéise na Breataine i mbun cogaiochta go fóill. Leanann siad leo agus próiseas na síochána á dhíbhanú acu trí bholscaireacht agus tré mhaidhm scéalaíochta a chur thart, a bhfuil mar aidhm acu an próiseas ina iomlán a scrios agus poblachtánithe ach go háirithe a ghortú.

Ní féidir leis an Bhord Póilíníochta ábhair mar seo a fhiosrú. Níl de chumhacht ag an Bhord obair MI5 nó Arm na Breataine a fhiosrú. Baineann na rialacha céanna le heachtraí a tharla roimh 1999, eachtraí a rabh lámh ag an RUC iontu.

Ní féidir le Bean an Phobail (Ombudswoman) imeachtaí MI5 nó imeachtaí Rannóg Fhaisnéise an Airm a fhiosrú. Ní fiú tada na cumhachtaí atá aici an Chraobh Speisialta a fhiosrú de bharr easpa acmhainní airgeadais -- rud a leiríodh go poiblí.

Tacaíonn Sinn Féin go láidir leis na héilimh atá á ndéanamh ag clann Finucane, ag clann Rosemary Nelson agus ag clann Hamill fiosrúcháin a chur ar siúl.

Tá nochtadh ceart iomlán á éileamh againn ó ranna agus ó ghníomhaireachtaí Rialtas na Breataine maidir le heolas cuí ar bith a bhaineann leis an chlaonpháirteachas ina iomlán. Mar shampla, caithfear nochtadh iomlána bheith ann i gcás coistí cróinéara, do Fhiosrúchán Stevens, do Fhiosrúchan Saville agus do Fhiosrúchán Barron.

Éilimid go bhfoilseofar ina n-iomlán tuairiscí Stevens agus Sampson/Walker.

Caithfear an FRU/JSG a scor.

Caithfear Tuairisc Patten ar an phóilíníocht a chur í gcrích ina hiomlán. Nuair a shínigh an Bhreatain Comhaontú Aoine an Chéasta, séard a bhí le teacht ná seirbhís phóilíníochta a bheadh ionadaíoch, freagrach, inghlactha don phobal iomlán agus a mbeadh cearta daonna mar bhunchloch aici. Faoi mar a sheasann an PSNI faoi láthair, níl siad freagrach; níl siad inghlactha. Caithfear freagracht iomlán, áitiúil, dhaonlathach a bheith ann.

Caithfidh Rialtas na Breataine cosc a chur le himeachtaí ghníomhaireachtaí faisnéise na Breataine agus a gcuid iarrachtaí an próiseas síochána a dhíbhanú.

Caithfidh Rialtas na hÉireann nochtadh iomlán ceart a lorg ó Rialtas na Breataine ar eolas ar bith atá riachtanach do leas agus do chearta shaoránaithe na hÉireann, rud atá riachtanach chun próiseas na síochána a chosaint.

Réamhrá

Ar an 17ú Aibreán 2003, thug John Stevens Stevens 3 do Hugh Orde ón PSNI. Séard atá i Stevens 3 ná tuairisc ar an tríú fiosrúchán a rinne Stevens ar ghnéithe teoranta den chlaonpháirteachas idir ghníomhaireachtaí Rialtas na Breataine agus pharamíleataí aontachtacha,

daoine a bhí ina seachghníomhairí do Rannóg Fhaisnéise na Breataine le tríocha bliain. Ceithre bliana déag a thóg sé an tuairisc a chur ar fáil. Tuairisc teoranta í d'aonghnó agus í neamhiomlán de thairbhe constaicí a cuireadh ina bealach ag Rialtas na Breataine.

Sa tseachtain dár tús an Domhnach, 4ú Bealtaine 2003, thug gníomhairí ó Rannóg Fhaisnéise na Breataine eolas cuimsitheach do réimse leathan le lucht meáin na Breataine agus na hÉireann faoi líomhaintí neamhchruthaithe a bhain le duine, a bhí (dar leis an Rannóg Fhaisnéise), ina ghníomhaire acu san IRA, duine den chódainm, "Stakeknife" no "Steak-knife". Tosaíodh stoirm ráflaí agus spéacláireachta de bharr focail na ngníomhairí Breatanacha seo -- daoine gan aghaidh, gan ainm.

Tosaíodh ar an eolas seo faoi Stakeknife a scaipeadh laistigh de chúpla lá ón dáta a chuir Rialtas na Breataine na toghcháin don Tionól buanthearmach i dtuaisceart na hÉireann ar ceal go haontaobhach. Faoi théarmaí Chomhaontú Aoine an Chéasta a socraíodh na toghcháin seo, toghcháin a sainordaíodh go daonlathach ag vótóirí na hÉireann, thuaidh agus theas, cúig bliana ó shin ar an 22ú Bealtaine 1998.

Chuir Rialtas na hÉireann, chomh maith le hachan pháirtí in Éirinn, i gcoinne socrú na Breataine. David Trimble atá mar cherannaire ar an UUP, an t-aon duine amháin a thacaigh leis an socrú.

De thairbhe scéal Stakeknife, cuireadh ar leataobh, ag na nuachtáin agus ag na meáin, cealú an toghcháin, chomh maith leis an laghdú a rinneadh ar an chóras daonlathach agus ar phróiseas na síochána.

Dé Luain, 12ú Bealtaine, tuairiscíodh sa Belfast Newsletter gur chinntigh foinsí faisnéise aontachtacha agus Breatnacha go rabh, "...a spy network which colluded with military and police personnel to kill" ag eagraíocht aontachtach pharamíleatach -- the Ulster Volunteer Force (UVF). Tuairiscíodh go mion sa Newsletter go rabh córas claonpháirteach neamhfhoirmiúil idir an UVF, saighdiúirí Breatnacha agus comhaltaí den RUC i gcomparáid leis an chóras claonpháirteach rífhoirmiúil a tuairiscíodh ag Stevens.

Is é an téama coitianta sna gnóthaí seo uile ná go bhfuil sé d'aidhm ag gníomhaireachtaí faisnéise na Breataine poblachtánaithe na hÉireann a

bhriseadh go polaitiúil tré mhodhanna eile a úsáid óir theip orthu an Óglaigh na hÉireann a bhuaileadh.

Le linn an chomhraic, roghnaigh siad dlíodóirí um chearta daonna, lucht an phobail náisiúnaigh, baill tofa Shinn Féin, óglaigh neamhartha de chuid an IRA, agus daoine eile ar nós Roseanne Mallon, pinsinéir as Co. Thír Eoghain.

Inniu, próiseas síochána scriosta atá mar aidhm acu.

Níl sé inchreidthe go rabh na himeachtaí seo ar siúl le blianta fada gan chead agus gan chosaint a bheith ann ó dhaoine sinsearacha i Rialtas na Breataine. Caithfear cosc a chur leo.

Is constaic iad na himeachtaí seo don síocháin, don athmhuintearas agus don cheartas.

Caithfear na himeachtaí seo a nochtadh ina n-iomlán.

Chomh fada is a bhaintear leis an chostas airgeadais a bheadh i gceist agus fírinne na n-imeachtaí seo á nochtadh, tá argóint bhréagach sheachránach á húsáid acu siúd a dteastaíonn uathu an córas lofa a fhágáil mar atá. Díríonn an argóint sin ar chostaisí Fhiosrúchán Saville a bhfuil imeachtaí Dhomhnach na Fola á bplé aige, tráth dar maraíodh 13 saoránach Éireannacha ar shráideanna Dhoire in 1972 ag paratrúpaí na Breataine. Maidir le Fiosrúchán Saville agus na costaisí a ghabhann leis, is í is cúis leis an fhoinsé is costaisí ann ná an fhrithsheasmhacht i gcóras na Breataine eolas fírinneach a chur ar fáil. Go deimhin, is minic a bhíonn ar aturnaetha agus ar abhchóidí foinsí beaga fírinne a aimsiú ar aon dul le fiaclóir agus fiacla á stoitheadh aige.

Níl gá ar bith ann obair mar seo a bheith ar siúl. Tá tromlach na bhfreagraí ar fáil i gcomhaid Rialtas na Breataine é féin. Dá mbeadh an toil pholaitiúil ann, chomh maith le cuardach inmheánach, d'fhéadfaí teacht ar an fhírinne agus d'fhéadfaí na milliúin punt a shábháil.

Tá sé de dhualgas trom ar Rialtas na hÉireann féachaint chuige go ndéanfar nochtadh iomlán ar an fhírinne. Ba dhaoine Éireannacha iad, idir fhir is mhná, na daoine a d'fhulaing faoi lámha lucht Faisnéise na Breataine. Ina theannta sin, beidh tionchar mór ag réiteach cheist na fírinne anseo ar

cheisteanna eile -- cearta daonna, an ceartas é féin, an t-athmhuintearthas agus ar an treoir a leanfaidh próiseas na síochána as seo amach. Chomh maith leis sin, beidh tionchar mór -- dearfach nó diúltach -- ag réiteach cheist na fírinne orthu siúd ar mhaith leo go dteipfeadh ar phróiseas na síochána.

Faisnéis na Breataine

Athrú agus nochtadh de dhíth

Le tríocha bliana anuas, tá lámh ag Rialtas na Breataine, tré imeachtaí MI5, Rannóg na Faisnéise agus tré Chraobh Speisialta an RUC/PSNI, i ndúnmharú a saoránaithe féin. Agus iad ag obair le chéile, threoraigh siad imeachtaí na scuid báis dílseacha. Ní hamháin gur scaoil siad eolas cuí dóibh ach b'fheachtas beartaithe é saoránaigh a roghnú agus a fheallmharú.

I bhfocail iarPhríomh-Bhreithimh na Breataine, an Tiarna Denning, is 'appalling vista' í an méid a tharla agus an méid a ceadaíodh ag na údarais stát na Breataine.

Scuid Báis na Breataine -- cé a bhí i bhfeighil?

Dréimire na nOrduithe

MI5

Iad siúd atá i gceannas na hoibre. Iad siúd a dhéanann imeachtaí Rannóg na Faisnéise, imeachtaí an RUC agus imeachtaí Craobh Speisialta an PSNI a mheas. Bíonn baill ag MI5 i nGrúpaí Comhordnáide an RUC (The RUC's Tasking and Co-ordinating Groups) agus bíonn oifigeach ceangail acu le FRU Arm na Breataine. Mar sin a choinníonn MI5 smacht ar a mbíonn ar siúl.

Caithfidh MI5 cuntas faoi na himeachtaí sin a thabhairt do Whitehall agus do Shráid an Dónáin. Sa tréimhse atá faoi chaibidil ag an cháipéis seo, thug MI5 cuntas díreach do Margaret Thatcher, do John Major agus do Tony Blair faoi sheach, agus iad ina bPríomhAíre ar an Bhreatain. Ciallaíonn sé seo go rabh (agus go bhfuil go fóill) eolas ag PríomhAíre na Breataine, as a chéile, faoi imeachtaí na nGrúpaí Comhordnáide, faoi imeachtaí Brian Nelson agus imeachtaí an FRU/JSG. Muna rabh an t-eolas sin acu, ciallaíonn sé gur insíodh bréaga dóibh nó gur ceileadh an

fhírinne orthu d'aonghnó ag baill shinsearach MI5, ag Rannóg Fhaisnéise Arm na Breataine agus ag an RUC/PSNI, an Craobh Speisialta san áireamh.

Is é an rud atá de dhíth anois ná nochtadh ceart iomlán ar na himeachtaí sin uilig.

Rannóg Fhaisnéise Arm na Breataine (an FRU)

Tré aonad ceillte d'arbh ainm an tAonad Taighde Ceilte (Force Research Unit -- an FRU) a d'oibrigh Rannóg Fhaisnéise na Breataine go príomha. Roinnt bheag de bhlianta ó shin, tugadh ainm úr ar an FRU, an Grúpa Comhshéirbhíseach (The Joint Services Group -- JSG) ach d'fhan na feidhmeanna bunúsacha agus na modhanna céanna díreach mar a bhí, faoi mar a chinntigh an Briogáidire Arundell David Leahy d'Arm na Breataine, "...methods of operation....have not changed to any significant extent." Idir 1987 agus 1991, faoi stiúir an Bhriogáidire Gordon Kerr, d'earcaigh an FRU agus rith siad gníomhairí, Brian Nelson san áireamh. Agus triail Nelson ar siúl, thacaigh ceannaire an FRU leis agus fianaise á tabhairt aige ar a shon agus chuir Tom King síos air mar "...a valuable agent". Rúnaí Cosanta na Breataine a bhí i King ansin agus iarRúnaí Stáit ar na Sé Chondae. Rinneadh margadh idir Patrick Mayhew -- Ard-Aighne na Breataine ansin -- agus Nelson sa tslí is nach gcuirfí coir an dúnmharaithe ina leith. Agus é scaoilte amach as an phríosún ina dhiaidh sin, athlonnaíodh Nelson in áit úr ag Rialtas na Breataine.

Craobh Speisialta an RUC/PSNI (Na Grúpaí Comhordnáide)

Ba í Craobh Speisialta an RUC, trína Grúpaí Comhordnáide (TCGs), a bhí freagrach as na himeachtaí fisiciúla a lean bailiúchán na faisnéise ag na gníomhaireachtaí éagsúla sna 1980í. Achan eolas a bhailigh MI5, an Craobh Speisialta agus Rannóg na Faisnéise, cuireadh os comhair na dTCG é lena mheas agus chun freagra a thabhairt. I measc na 'bhfreagraí' bhí an polasaí 'Lámhaigh chun Báis' (Shoot-to-Kill) a úsáideadh i dtuaisceart Ard Mhacha go luath sna 1980í, tráth dar mharaigh an RUC roinnt óglach de chuid an IRA agus iad gan arm.

Sir Ronnie Flanagan -- iarPhríomhChonstábla an RUC, 1996-2002 -- a bhí i gceannas ar TCG South, ceantar a rabh tuaisceart Ard Mhacha ann. Ba dhuine sinsearach é sa Craobh Speisialta nuair a dúnmharaíodh Pat Finucane.

Aistríodh Craobh Speisialta an RUC go Craobh Speisialta an PSNI. Tamall gearr ina dhiaidh sin, dhírigh Craobh Speisialta an PSNI a gcuid aire ar Fhiosrúchán Bhean an Phobail don Phóilíníocht, Nuala O'Loan, an Fiosrúchán a bhí ar siúl i bpléascán na hÓmaighe. Rinneadh tréaniarracht tolladh fúithi agus a cuid iarrachtaí a shárú -- níor cuireadh aon phíonós orthu dá bharr. Níor thig le Bean an Phobail nó leis an Bhord Póilíníochta nua-bhunaithe rud ar bith a dhéanamh faoin ionsaí seo. Níor smachtaíodh comhalta ar bith de Chraobh Speisialta an PSNI.

Stevens 3 -- Claonpháirteachas agus Dúnmharú

Tugadh tuairisc Fhiosrúchán Stevens (Stevens 3) do Hugh Orde, PríomhChonstábla an PSNI ar 17ú Aibreán, 2003. Tá na mílte leathanach inti. Is leis an PhríomhChonstábla í. Is féidir leis cuid den tuairisc nó an tuairisc ina hiomlán a roinnt le fochoiste beag de Bhord Póilíníochta an PSNI. Ní fios go fóill cad a dhéanfaidh sé.

Cé gur páirtí comhionannach é Rialtas na hÉireann i gComhaontú Aoine an Chéasta agus i gcur i gcrích an Chomhaontaithe -- téarmaí póilíníochta san áireamh -- níl sé de chead acu tuairisc Stevens a fheiceáil.

Caithfear é seo a cheartú. Bá í Stevens 3 an tríú fiosrúchán ón fhear sin laistigh de 14 bliana.

Ar an lá céanna (17ú Aibreán) agus go comhuaineach leis an tuairisc a thabhairt do Hugh Orde, d'eisigh John Stevens, údar na tuairisce, go poiblí, cáipéis 19 leathanach dar teideal, "Stevens Enquiry : Overview and Recommendations".

Sa cáipéis sin, léirigh Stevens na pointí seo a leanas ;

An Claonpháirteachas

Nár coinníodh cuntais, d'aonghnó

Easpa freagrachta

Faisnéis agus fianaise a cheilt

Lámh ag 'gníomhairí' sa dhúnmharú

Ba shoiléir dó san achoimre gur maraíodh agus gur goineadh go dona daoine éagsúla de thairbhe na

bpointí sin thuas.

Thug sé miontuairisc ar na constaicí a cuireadh ina bhealach agus an fiosrúchán ar siúl aige.

Na Constaicí

Ba ró-chúng ar fad iad téarmaí tagartha Fhiosrúchán Stevens. Is réasúnta a rá gur theastaigh uathu siúd a shocraigh ar na téarmaí tagartha gan eolas a bheith ar fáil. Níor theastaigh uathu ó thús go gcuirí próiseas le chéile a nochtadh go hiomlán an t-eolas a bhí de dhíth.

Mar shampla, níor dhírigh an tríú Fiosrúchán go beacht ach ar dhá mharú sa tréimhse trí bliana 1987--89, tréimhse ina maraíodh na scórtha daoine agus ina rinneadh iarrachtaí ar roinnt eile a mharú, bunaithe ar an chlaonpháirteachas idir Rannóg Fhaisnéise na Breataine agus dreamanna paramíleatacha aontachtacha. Ina theannta sin, dearbhaíonn Stevens ina thuairisc go ndeachaigh 13 bliana thart ó thús a chuid oibre sular tugadh roinnt mhaith cháipéisí dó ag Roinn Cosanta Rialtas na Breataine, Mí na Samhna 2002. Deir sé, faoi na cáipeisí seo, "...became available to the Enquiry team for the first time." Leanann sé leis, "I record the late disclosure with considerable disquiet. I have encountered the same problem of late disclosure during my two previous Enquiries and expressed then my strong concerns surrounding the issues."

Níos déanaí ina thuairisc, pléann Stevens le meon agus le leithne na gconstaicí. Bhí cuid mhaith den mhéid a bhí le rá ag Stevens ar eolas go poiblí roimhe sin ach is fiú é a rá arís anseo. Taispeánfar gur ceist chuí go fóill í, tríd is tríd, ní hamháin agus a bhaintear leis na hábhair teoranta a bhí á bhfiosriú ag Stevens, ach le himeachtaí MI5, imeachtaí Rannóg na Faisnéise agus imeachtaí na Craoibhe Speisialta, ina n-íomlán.

Na deacrachtaí a tháinig roimh Stevens, is cuid choitianta rialta iad d'imeachtaí na ngníomhaireachtaí seo agus tá siad ina gconstaicí millteacha sa phróiseas siochána.

Léirigh Stevens na pointí seo a leanas :

Le linn dó a bheith ag obair ar an trí Fhiosrúcháin, bhí a fhios aige go rabh bac á chur leis agus go rabh constaicí á gcur roimhe.

Rud cultúrtha a bhí sna constaicí seo, agus é go forleathan i gcodanna éagsúla d'Arm na Breataine agus den RUC.

Coinníodh fianaise fhíorthábhachtach faoi cheilt óna fhoireann fhiosrúcháin. Níor admhaíodh dó go rabh Brian Nelson ina ghníomhaire Breatnach. Níor admhaíodh dó go rabh carn faisnéise ina sheilbh ag Nelson, carn a sciobadh ag láimhseálaithe Breatnacha Nelson ag tús Stevens 1.

Scaoileadh eolas leis na paramíleataí dílseacha agus leis na meáin faoin bplean chun Nelson agus dílseoirí sinsearach a chur faoi ghlas. Níor gabhadh orthu.

Cuireadh oifig oibre Stevens tré thine chun aon iarracht gabháil orthu athuir a loit. Dar le Stevens, dódh an oifig d'aonghnó. Chomh maith leis sin, síltear dó nach ndearnadh iarracht cheart ceist an dóiteáin a fhiosrú.

Insíodh bréaga dó faoi cháipéisí éagsúla ar theastaigh uaidh iad a scrúdú.

Cultúr na gConstaicí

Dúirt Stevens gur gnás cultúrtha a bhí sna constaicí a cuireadh ina bhealach agus go rabh an polasaí sin go forleathan i gcodanna éagsúla d'Arm na Breataine agus den RUC. Baineann na constaicí leis an réimse cúng a bhí faoi chaibidil ina Fhiosrúcháin.

Ach bhí (agus tá go fóill) gnás seo na gconstaicí go forleathan in Arm na Breataine, i Rannóg na Faisnéise agus san RUC. Leantar leis an ghnás seo sa PSNI ainneoin na moltaí a rinne Patten go gcaithfí rud éigin daingean a dhéanamh le hoifigigh caimiléaracha a shéan cearta daonna ar dhaoine. D'aistrigh roinnt mhaith acu siúd go dtí an PSNI, a it a leanann siad leo ina gcuid iarrachtaí an fhírinne a cheilt.

Tá fírinne na ceiste seo doshéanta. Tá patrún na gconstaicí a léirigh Stevens le feiceáil go soiléir i gcásanna éagsúla le tríocha bliain anuas. San áireamh sa phatrún sin tá an socrú a rinneadh gan iachall a chur ar ghníomhaireachtaí Rialtas na Breataine nochtadh ceart a dhéanamh ar eolas cuí ina iomlán. Is ríléir gur polasaí atá i gceist sa phatrún sin.

I measc na gcásanna éagsúla tá na hábhair seo a leanas :

Falla Tostach

Buaileadh chun báis Sammy Devenney ag oifigigh an RUC sa bhliain 1969. D'fhan an RUC ina dtost faoin chás.

Fiosrúcháin diúltaithe

Ainneoin gur dhearbhaigh 'Ginger' Baker -- iarshaighdiúr in Arm na Breataine agus dúnmharaitheoir dílseach -- le scór bliain gur thiomáin oifigigh an RUC airm mhídhleathacha dhílseoirí tré chonstaicí bóthair d'Arm na Breataine agus an RUC, ní dhearnadh tada ina thaobh. Dhearbhaigh Baker fosta, gur thug an RUC comhaid don UDA go rialta agus gur chogair siad i gcluasa na ndílseoirí roimhré faoi chuardaigh airm a bhí le déanamh.

Fianaise a scrios

Domhnach na Cásca, 1972, maraíodh 13 duine ar shráideanna Dhoire ag Arm na Breataine. Scriosadh gunnaí na saighdiúirí a mharraigh iad sa dóigh is nárbh féidir an fhianaise eolaíochta seo a chur os comhair Fiosrúcháin Saville.

Maraíodh Michael Tighe i sciobóil lasmuigh de bhaile mór Lurgan sa bhliain 1977. Sábháladh cuntas an mharuithe ar téip ach scrios M15 í. Rinneadh iarrachtaí an dlí a chur orthu siúd a ceapadh lámh a bheith acu ina bhás ach cuireadh cosc leis na hiarrachtaí sin ag Patrick Mayhew, ArdAighne na Breataine ag an am.

D'admhaigh Ken Barrett, a bhí ina ghníomhaire sa Chraobh Speisialta agus ina bhall den UDA, gur dhúmharraigh sé Pat Finucane, an dlíadóir um chearta daonna. Sábháladh an admháil ar téip ach scriosadh í.

Maraíodh triúr ball de chuid Óglaigh na hÉireann - - Pete Ryan, Lawrence McNally agus Seán Dorris -- sa bhliain 1991 i ngníomh 'Lámhaigh chun Báis'. Scriosadh nótaí na n-agallamh a rinneadh le lucht an SAS a rabh lámh acu i mbás na dtriúr.

Cuireadh oifig oibre John Stevens tré thine le linn Fhiosrúcháin Stevens 1.

Diúltú chun nochtadh ceart iomlán a dhéanamh

Maraíodh óglach de chuid an IRA -- Pearse Jordan -- (agus é gan arm) ag an RUC sa bhliain 1992. Ag coiste an chróinéara, d'iarr an cróinéir ar na húdaráis eolas ceart iomlán a chur ar fáil. Go dtí an lá inniu, diúltaíonn an PSNI é sin a dhéanamh.

Sa bhliain 1994, maraíodh Roseanne Mallon -- pinsinéir as Co. Thír Eoghain -- ag dílseoirí a bhí faoi fhaire ag Arm na Breataine. Ag coiste an chróinéara, d'iarr an cróinéir ar na húdaráis eolas ceart iomlán a chur ar fáil. Go dtí an lá inniu, diúltaíonn Arm na Breataine agus an PSNI é sin a dhéanamh.

Tharla pléascanna Mhuineacháin agus Bhaile Átha Cliath sa bhliain 1974, tráth dar maraíodh 33 saoránach Éireannacha. Go dtí an lá inniu, diúltaíonn gníomhaireachtaí Rialtas na Breataine eolas ceart iomlán a chur ar fáil.

Cuireadh Peter Thompson, Eddie Hale agus John Joseph McNeill chun báis ag saighdiúirí na Breataine on 14ú Complacht Faisnéise, le linn robála. Lámhadh John McNeill arís agus arís eile ó chúl agus é ina shuí ag roth an ghluaisteáin éalaithe.

Go dtí an lá inniu, diúltaíonn Aireacht Chosanta na Breataine an t-eolas iomlán a bhaineann le Domhnach na Fola a nochtadh do Fhiosrúchán Saville.

Calcadh na bhFiosrúchán

Agus pléascán na hÓmaighe á fhiosrú ag Bean an Phobail, tá constaicí á gcur roimpi ag Craobh Speisialta an PSNI. Coinníodh siar na comhaid chuí agus coinnítear faoi cheilt comhaid eile i gcórais chasta ríomhaireachta. Níor cuireadh smacht ar éinne a rabh lámh acu sa mhí-iompar.

Cuireadh míchlú poiblí ar John Stalker -- an póilín Breatnach -- nuair a tuigeadh go rabh ag éirí ró-mhaith leis agus polasaí 'Lámhaigh chun Báis' á fhiosrú aige ar eagla go gcuirfeadh sé fianaise ar fáil nár thaitin le M15, leis an RUC no le Rialtas na Breataine.

Diúltú chun an dlí a chur ar dhaoine

Chinntigh an comhoibriú idir ArdAighne na Breataine, Arm na Breataine agus an RUC nár chaith Brian Nelson -- gníomhaire d'Arm na

Breataine -- ach ceithre bliana go leith i bpríosún. Níor cuireadh coir an dúnmharuithe ina leith agus fear saibhir a bhí ann ar theacht amach dó. Le linn na trialach sa chúirt, níor tháinig chun solais ach foinsí beaga eolais a bhain leis an chlaonpháirteachas idir ghníomhaireachtaí éagsúla na Breataine agus pharamíleataí dílseacha.

Claonpháirteachas agus Ceilt na Fírinne

Léiríonn patrún agus feidhmiú an chlaonpháirteachais agus na ceilte le tríocha bliain anuas (go dtí an lá inniu) na pointí seo a leanas :

* Constaicí á gcur sa bhealach roimh na Fiosrúcháin tré mheáin éagsúla -- an falla tostach san áireamh, a bhí á úsáid ag baill de ghníomhaireachtaí na Breataine -- MI5, Rannóg na Faisnéise, Craobh Speisialta an RUC/PSNI, Arm na Breataine, an RUC/PSNI.

* Fianaise á scrios, fianaise á ceilt agus polasaí gan nochtadh ceart agus iomlán a dhéanamh.

* Diúltú chun fiosrúcháin oiriúnacha a dhéanamh agus faillí thoilteanach á déanamh ag oifigigh; teorainn á cur ar na téarmaí tagartha nuair a socraíodh fiosrúcháin éagsúla a dhéanamh sa chaoi is nach dtiocfadh leis na fiosrúcháin teacht ar iomlán na fírinne; cosc iomlán á chur le fiosrúcháin nuair ba léir go rabh siad ag teacht chun cinn.

* An comhoibriú idir ghníomhaireachtaí éagsúla Rialtas na Breataine (oifigigh sinsearach an dlí, san áireamh) agus ghníomhaireachtaí faisnéise agus slándála gan fiosrúcháin cearta a dhéanamh agus deimhin a dhéanamh de go gcoimeádfáí dílseacht a gcuid gníomhairí slán agus buan. Rinneadh deimhin de fosta, go ndearnadh na gníomhairí a chosaint ó lámh fhada an dlí. I measc na socraithe a rinneadh, socraíodh gan an dlí a chur orthu.

* Braith údaráis an stáit ar imeachtaí iomlána mídhleathacha, maraithe iolracha san áireamh, agus muinín acu astu féin nach mbeadh siad i mbaol ón dlí.

Smachtbhannaí polaitiúla

Is ró-fhairsing ar fad iad impleachtaí cheist na smachtbhannaí chun iad a phlé go cruinn anseo ach léireoidh na pointí seo a leanas cad atá i gceist

Cheadaigh Rialtais Bhreatnacha, ceann ar cheann, dúnmharaithe. Bhí gníomhairí i bhfostú acu, gníomhairí a rabh ceadúnas acu daoine a mharú agus dul saor ón dlí.

Níorbh fhoinsí iad gníomhairí léitheidí Brian Nelson do gníomhaireachtaí Rialtas na Breataine. Ba shearbhóntaí iad ag na gníomhaireachtaí sin chun paramíleataí dílseacha a stiúradh agus a threorú. Sa Newsletter, ar an 29ú Meitheamh 2002, scríobh an tuairisceoir John Ware, "So far as I can tell, many -- if not most -- of the West Belfast UDA Brigade were working for the CID or Special Branch or MI5 at one stage or another."

Is eiseamláir mhaith é Brian Nelson. Earcaíodh é ag MI5. Ba fhostaí é i Rannóg Fhaisnéise na Breataine agus ba bhall é den UDA.

Dhearbhaigh fostóir Nelson, an Briogáidire (an Leifteanantchoirnéal ansin) Kerr, Ceannasaí an FRU, sa chúirt mí Eanáir 1992 go rabh tuarastal á thabhairt do Nelson ag an FRU a d'ordaigh dó an UDA a insíothlú. Bhí MI5 páirteach sa phlean sin agus iad eolach faoi ról Nelson.

Dhearbhaigh Kerr fosta, gur chuidigh an FRU le Nelson a chomhaid a fheabhsú agus go ndearna an FRU deimhin de nach gcaillfí na comhaid don RUC agus cuardach ar siúl acu. Sular tharla an cuardach, dúradh leis an Chraobh Speisialta cá rabh na comhaid á stóráil agus, chomh maith leis sin, go rabh teacht ag an FRU orthu uilig. I dtuairisc teilifíse anuraidh a bhain leis na hábhair seo, dúirt foireann Panorama,

"By our count, at least 80 people listed on Nelson's targeting files were attacked."

"29 were shot dead."

Tuairiscíodh sa chlár céanna gur chuir "RUC sources.....a considerable number of targeting files" ar fáil, dar le Rannóg Fhaisnéise an Airm. "Fifty came from an officer in the RUC's Special Branch", dar leis an Rannóg Fhaisnéise.

Dhearbhaigh an Briogáidire Kerr sa chúirt chéanna i 1992 go rabh aithne ag oifigigh Chraobh Speisialta an RUC ar Nelson, oifigigh ardsinsearach agus, ina theannta sin, ag beirt oifigeach sinsearach in MI5.

Chomh fada is a bhaintear le comhaid Nelson agus leis an 80 ionsaí -- 29 duine marbh san áireamh -- a tharla dá bharr, níor cúisíodh oiread is ball amháin den FRU nó de Chraobh Speisialta an RUC. Cuireadh na comhaid seo ar fáil ag baill d'fhórsaí na Breataine, an Chraobh Speisialta ina measc. Feabhasaíodh iad ag an FRU, eagraíocht a rabh teacht aici orthu i gcónaí. Ina theannta sin, d'oibrigh an FRU agus an Chraobh Speisialta le chéile chun comhaid Nelson a chosaint. ArdAighne na Breataine a bhí i gceannas i gcúisiú Nelson, nó, san easpa cúisithe. Mar shampla, níor cuireadh i leith Nelson gur dhúnmharaigh sé faoi dhó agus níor admhaíodh ariamh an fáth nár cuireadh.

Tá sé dochreidthe ar fad go mbeadh lámh ag gníomhaireachtaí na Breataine in imeachtaí mar sin, gan cead polaitiúil agus cosaint pholaitiúil a bheith acu.

Próiseas na Síochána á dhíbhanú ag gníomhaireachtaí éagsúla

Tá an t-uafás eolais ann faoi imeachtaí mídhleathacha, urraithe ag an Stát (maraithe, iarrachtaí ar mharaithe, smuigléireacht gunnaí), acu siúd i ngníomhaireachtaí ceilte na Breataine agus acu siúd nach gcaithfidh cuntas a dhéanamh faoin obair atá ar siúl acu.

Is féidir a rá, go n-oibríonn na himeachtaí sin chun próiseas na síochána a lagú agus a dhíbhanú.

Tamall beag ó shin agus é ag labhairt i bParliamint Westminster faoi Thuairisc Stevens, bhí an méid seo le rá ag Kevin McNamara, Feisire Lucht Oibre na Breataine:

"I believe that intelligence agencies played a significant role in shaping the political geography of Northern Ireland and prevented the emergence of a political alternative for many years."

Níor cuireadh atheagar ar bith ar na gníomhaireachtaí seo. Níor osclaíodh ceist na freagrachta do dhíospóireacht phoiblí sa chaoi chéanna is a rinneadh leis an phoilíníocht. In áit é sin a dhéanamh, leanann MI5 agus an Rannóg Fhaisnéise leo -- an FRU ach go háirithe -- saor ó athruithe ar bith.

Chomh maith leis sin, chonacthas i rith an tsamhraidh, bliain i ndiaidh bliana, feachtas

leanúnach foréigin ar siúl ag dílseoirí -- feachtas a rabh d'aidhm aige próiseas na síochána a mhilleadh. Bhí lámh mhór ag gníomhairí na Breataine san fheachtas sin. Ní nach ionadh gur beag duine a cuireadh faoi ghlas ina thaobh. Tá sé ríshoiléir go bhfuiltear ag leanstan ar aghaidh leis an seanchóras.

Níl a léithéid d'iompar inghlactha, rud atá sofheicthe.

Osclaíonn an méid sin thuas roinnt mhaith ceisteanna a bhfuil tábhacht ollmhór acu leis an saol mar atá sé anseo -- an fhírinne, an ceartas agus an t-athmhuintearas san áireamh. Baineann na ceisteanna sin le staid reatha an chórais pholaitiúil agus leis an saol polaitiúil atá romhainn.

Tá daonra Rannóg Fhaisnéise Arm na Breataine in situ go fóill sna gnóthaí seo agus tá a cuid gníomhaíochtaí ceadaithe ag Rialtas na Breataine. Bronnadh thart ar 70 onórocha agus céimíochtaí ar an FRU -- an tAonad céanna a rabh fíorcheangail aige leis na dílseoirí agus a bhí fite fuaite sa chlaonpháirteachas chun saoránaigh Éireannacha a mharú. Sa bhreis ar sin, tugadh le fios don phobal gur scaipeadh an tAonad sin. Tar éis gur creachadh Beairic an Chaisleáin Fhraoigh mí Márta 2001, áfach, tuairiscíodh go rabh an tAonad in situ go fóill ach teideal úr a bheith air -- an Grúpa Comhsheirbhíseach (JSG).

Sa bhliain 1998, d'hearbhaigh Stiúrthóir ar Oibríochtaí Mílteacha i Roinn Chosanta na Breataine agus é faoi mhionn, an scéal iomlán míshásúil faoin FRU agus an JSG. Agus é ag labhairt faoin FRU, dúirt sé, "... (FRU) is now known as the Joint Services Group Northern Ireland" agus gur fostaíodh é mar cheann de "two specialist groups ... that acquire intelligence on behalf of the Royal Ulster Constabulary." Lean sé leis faoin JSG, "... (JSG's) methods of operation have not changed to any significant extent..." ó 1987. Ciallaíonn sé seo go bhfuil na polasaithe a cleachtaíodh agus ar chúis leo bás Pat Finucane agus 28 duine eile ann go dtí an lá atá inniu ann -- daoine a maraíodh de thairbhe an eolais a bhí i gcomhaid an ghníomhaire FRU, Brian Nelson. Is doghlactha é sin in iomlán.

Chomh maith leis an mhéid sin thuas, d'aistrigh Craobh Speisialta an RUC en bloc go Craobh Speisialta an PSNI. Ina measc siúd, bhí daoine a rabh fíorbhaint acu le líomhaintí troma go rabh

claonpháirteachas ar siúl eatarthu féin agus paramíleataí dílseacha. Tá an claonpháirteachas sin saite i gcroílár na n-imeachtaí sin thuas. Bhí na hoifigigh sin lánpháirteach sna hiarrachtaí a rinneadh Fiosrúchán Bhean an Phobail i bpléascán na hÓmaighe a chur ar strae.

Tá gníomhaireachtaí Rannóg na Faisnéise fós i mbun a gcogaidh shalaigh. Tá constaicí á gcur sa bhealach acu chun an fhírinne a cheilt. Tré úsáid na bolscaireachta, tré ráflaí agus scéalaíocht a scaipeadh, tá tréan-iarracht ar siúl acu próiseas na síochána agus lucht an phoblachtánachais a dhíbhanú. Is í príomhaidhm na n-imeachtaí seo ná staid olc a dhéanamh níos measa.

Ní cheadaítear don Bhord Póilíníochta ábhair mar sin a fhiosrú. Níl sé de chumhacht ag an Bhord MI5 nó Arm na Breataine a fhiosrú. Is mar an gcéanna é le heachtraí a tharla roimh 1999, eachtraí a rabh lámh ag an RUC iontu.

Níor baineadh triail go fóill as cumhachtaí Bhean an Phobail chun ábhair éagsúla a fhiosrú ach ní dócha go bhfuiltear ró-dhóchasach óir tá sé soiléir cheana féin nach bhfuil na hachmhainní airgeadais aici fiosrúcháin mar iad a rith. Níl sé de chumhacht aici, ach an oiread, imeachtaí a fhiosrú a bhaineann le hArm na Breataine nó le MI5.

Caidé atá de dhíth?

Is soiléir agus is intuigthe iad éilimh mhuintir Finucane, Nelson agus Hamill. Tá fiosrúcháin á éileamh acu i mbásanna Pat Finucane, Rosemary Nelson agus Robert Hamill, fiosrúcháin a bheidh neamhspleách agus faoi stiúir bhreithimh. Tacaíonn Sinn Féin go hiomlán leo ina gcuid iarrachtaí.

Creideann muidne gur cheart fiosrúcháin mar sin a bheith ann de thairbhe an eolais atá tagtha chun solais faoin chlaonpháirteachas idir ghníomhaireachtaí Rialtas na Breataine agus pharamíleataí dílseacha. Theip ar trí fiosrúchán póilíníochta teacht ar fhírinne an ábhair seo. Bronnadh saoirse ó lámh an dlí ar roinnt acu siúd a bhí páirteach sa chlaonpháirteachas agus is constaic mhór í sin nár éirigh le héinne í a shárú go fóill. Níl muinín ag daonra náisiúnach na hÉireann as gníomhaireacht ar bith de chuid Rialtas na Breataine go dtiocfar ar fhírinne na n-imeachtaí atá ar siúl maidir leis an cheist seo.

Ritheadh Fiosrúchán Widgery chun teacht ar fhírinne Dhomhnach na Fola 1972, tráth dar maraíodh 13 saoránach ag Arm na Breataine. Is mór an míchlú a tarraingíodh ar an fhiosrúchán sin agus ar bhealach, is é míchlú Fhiosrúchán Widgery is cúis leis an easpa muiníne sin.

Cuireadh leis an easpa muiníne agus leis an mhíchlú sin nuair a dhiúltaigh Rialtas na Breataine comhoibriú lena fhiosrúchán féin -- Fiosrúchán Saville -- in imeachtaí Dhomhnach na Fola. Tá toirmeasc á dhéanamh ag Aire Cosanta na Breataine ar an fhiosrúchán sa chaoi is nach féidir leis (an fiosrúchán) ról Arm na Breataine an lá sin a fhiosrú ina iomlán.

Caitheadh ceithre bliana déag ar an bhóthar go Stevens 3 agus níl ansin ach fiosrúchán teoranta nach bhfuil críoch iomlán fhírinneach leis de thairbhe na gconstaicí oifigiúla a cuireadh ina bhealach.

Tacaíonn Sinn Féin go hiomlán le clanna Finucane, Nelson agus Hamill ina gcuid éileamh.

Tá nochtadh ceart á éileamh ag Sinn Féin ó ranna agus ó ghníomhaireachtaí Rialtas na Breataine ar aon eolas cuí a bhaineann leis an chlaonpháirteachas ina iomlán. Mar shampla, caithefear nochtadh iomlán a bheith ann do choistí cróinéara, do Fhiosrúchán Stevens, do Fhiosrúchán Saville agus do Fhiosrúchán Barron.

Éilíonn muid go bhfoilseofar ina n-iomlán tuairiscí Stevens agus Sampson/Stalker.

Caithefear an FRU/JSG a scaipeadh.

Caithefear Tuairisc Patten sa phóilíníocht a chur i gcrích ina iomlán.

D'aontaigh Rialtas na Breataine seirbhís phóilíníochta a bhunú a bheadh ionadaíoch, freagrach, inghlactha i measc an phobail ina iomlán agus a mbeadh meon an cheartais daonna mar bhunchloch aici. De réir mar atá comhdhéanamh an PSNI faoi láthair, níl siad freagrach agus níl siad inghlactha. Caithefidh freagracht a bheith ann -- freagracht a bheidh iomlán, áitiúil agus daonlathach.

Caithefear deireadh a chur le gnóthaí ghníomhaireachtaí Rannóg Fhaisnéise na Breataine a bhfuil mar aidhm acu próiseas na

síochána a lagú agus a dhíbhanú.

Caithefidh Rialtas na hÉireann nochtadh ceart iomlán a éileamh ó Rialtas na Breataine ar aon eolas tábhachtach a bhaineann le cearta agus le leas saoránaithe na hÉireann agus a chuidíonn le próiseas na síochána a chosaint.